C/2026/2812

21.5.2026

Foilsiú iarratais ar ainm a chosaint de bhun Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2026/2812)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Nivegy-völgy/Nivegy-völgyi’

PDO-HU-02816

Dáta an iarratais: 26.11.2021

1. **Ainm le clárú**

‘Nivegy-völgy/Nivegy-völgyi’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

(1) Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Hegybor [‘fíon ó na cnoic’]*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: ó ghlasbhuí éadrom go buí ar dhath na tuí.

Dea-bholadh: is saintréithe iad an torthaíocht dhiscréideach agus an cháilíocht mhianrach chailcreach bhreochlochach. Bíonn siollaí den úll glas nó en phiorra, agus den chainche agus den chitreas ó am go chéile, ag an dea-bholadh torthaíoch.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Blas: struchtúr aigéid comhchuí, a thagann le tathag iomlán agus cáilíocht chitris mhianrach ghoirt chailcreach. Tagann siollaí de bhlas na halmóinne chun cinn sa dea-bholadh agus sa bhlas araon le linn an aosaithe. D'fhéadfadh dea-bholaithe agus blasanna 'botraíteasaithe' teacht chun cinn, ag brath ar bhliain an fhíona.

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (ina % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % de réir toirte)	11,5
Aigéadacht iomlán íosta	4,8 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Dúlős bor ['fíon dáileachta']*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: ó ghlasbhuí éadrom go buí ar dhath na tuí.

Dea-bholadh: bíonn dea-bholaithe casta ó fhíonta a dtugtar tuairisc orthu mar 'dúlős bor', arb iad is saintréithe dóibh siollaí de bhláthanna bána, clocha fliucha agus almóinní agus dea-bholaithe cailcreacha mianracha. Bíonn torthaíocht dhiscréideach acu, le siollaí den úll glas nó den phiorra, agus den chainche agus den chitreas ó am go chéile.

Blas: siollaí goirte mianracha cailcreacha den chuid is mó, ar féidir leis an dea-bholadh agus leis an mblas a fhaigheann siad tríd an aosú i mbairillí cur leo. Cuireann an t-aosú feabhas ar na siollaí d'almóinní agus d'almóinní searbha. Bíonn a n-aigéid comhchuí. D'fhéadfadh dea-bholaithe agus blasanna 'botraíteasaithe' teacht chun cinn, ag brath ar bhliain an fhíona.

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (ina % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	5,2 g/l arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

(a) Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtais fhíoneolaíocha shainordaitheacha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

1. Hegybor

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid

— aosú ar feadh 6 mhí ar a laghad in umar agus/nó i mbairille

— aosú ar feadh mí amháin ar a laghad sa bhuidéal

— ní mór an t-úrfhíon a ghléghlanadh, trí shnámhaíl nó trí shíothlú

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh agus gan ach giosta á úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais na bhfíonta Olasz Rizling

— uastáirgeacht sú: 70 %

— níor cheart níos mó ná 15 % de na cineálacha uile a úsáidtear a bheith ina gcineálacha tánaisteacha. Ceadaítear na cineálacha seo a leanas mar chineálacha tánaisteacha: Chardonnay, Furmint, Juhfark, Szürkebarát agus Rajnai Rizling

2. Dűlős bor

— ní fhéadfar ach fíonchaora sláintiúla a úsáid

— ní mór an t-úrfhíon a ghléghlanadh, trí shnámhaíl nó trí shíothlú

— aosú ar feadh 6 mhí in umar agus/nó i mbairille

— aosú ar feadh 3 mhí ar a laghad sa bhuidéal

— féadfar an t-úrfhíon a choipeadh agus gan ach giosta á úsáid nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais na bhfíonta Olasz Rizling

— uastáirgeacht sú: 70 %

— níor cheart níos mó ná 15 % de na cineálacha uile a úsáidtear a bheith ina gcineálacha tánaisteacha. Ceadaítear na cineálacha seo a leanas mar chineálacha tánaisteacha: Chardonnay, Furmint, Juhfark, Szürkebarát agus Rajnai Rizling

Cleachtais fhíoneolaíocha nach gceadaítear

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

1. Hegybor

— milsiú

— fáisceán leanúnach

— ní ceart níos mó ná 15 % a bheith i gcion na gcineálacha tánaisteacha

2. Dűlős bor

— saibhriú

— aigéadú

— laghdú aigéadachta

— milsiú

— fáisceán leanúnach

— ní ceart níos mó ná 15 % a bheith i gcion na gcineálacha tánaisteacha

Na rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor (1)

Cleachtas saothraithe

1. Rialacha maidir le treorú na bhfíniúnacha: Treorú Guyot, treorú tródaim mheán-aird, treorú tródaim ísil, scáth-threorú, ceanntreorú agus cuachphrúnáil.

2. Rialacha maidir le dlús fíniúnacha san fhíonghort:
   (a) maidir le fíonghoirt a bhí ann cheana an 1 Lúnasa 2021:
      (i) dlús fíniúnacha: 3 300 fíniúin ar a laghad in aghaidh an heicteáir;
      (ii) caillteanas fíniúnacha: 10 % ar a mhéad;
      (iii) maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2021, ceadaítear córas an chuirtín aonair freisin.
   (b) maidir le fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2021:
      (i) dlús fíniúnacha: 4 000 fíniúin ar a laghad in aghaidh an heicteáir;
      (ii) caillteanas fíniúnacha: 10 % ar a mhéad;
      (iii) achar idir fíniúnacha: 0,6 m nó níos mó.

3. I gcás na bhfíonta 'dűlős bor', ní mór an fíonghort a bheith 10 mbliana d'aois ar a laghad (ó bhliain an phlandaithe).

4. An modh buana le haghaidh na bhfíonta 'dűlős bor': buain de láimh amháin.

5. Cáilíocht na bhfíonchaor (íosmhéid siúcra arna shloinneadh ina chéimeanna de ghrád úrfhíona na hUngáire (MM) ag 17,5 °C agus ina neart alcóil féideartha íosta ag 20 °C, agus an t-íosmhéid siúcra arna shloinneadh ina g/l):
   — i gcás na bhfíonta 'hegybor': 18,2°MM, 11,5 % de réir toirte, 193,1 g/l;
   — i gcás na bhfíonta 'dűlős bor': 19°MM, 12 % de réir toirte, 202,2 g/l.

Na rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor (2)

Cleachtas saothraithe

Solúbthacht: le húdarú roimh ré ón Aireacht Talmhaíochta, féadfaidh coiste Chomhphobal Fíona Ghleann Nivegy a chinneadh imeacht ó na rialacha maidir le híosmhéid siúcra na bhfíonchaor buainte gach bliain, ar bhonn cás ar chás. Ní ceart an diall a bheith níos mó ná ± 1°MM (± 0,74 % de réir toirte arna shloinneadh mar neart alcóil nádúrtha). Ní mór an cinneadh a dhéanamh faoin 15 Meán Fómhair gach bliain. Cuirtear an cinneadh, arna fhormheas ag an Aireacht Talmhaíochta, in iúl do chomhaltaí Chomhphobal Fíona Ghleann Nivegy trí ríomhphost agus ar shuíomh gréasáin an phobail fíona.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Uastáirgeacht réamhshocraithe le haghaidh na bhfíonta 'hegybor' (fíon nua ar mhoirt)

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Uastáirgeacht an diallais bhliantúil le haghaidh na bhfíonta 'hegybor' (fíon nua ar mhoirt)

86,4 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Uastáirgeacht réamhshocraithe le haghaidh na bhfíonta 'hegybor' ar buanadh 2,5 kg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna lena n-aghaidh

10 000 kg d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Uastáirgeacht an diallais bhliantúil le haghaidh na bhfíonta ‘hegybor’ ar buanadh 3 kg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna lena n-aghaidh

12 000 kg d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. Uastáirgeacht réamhshocraithe le haghaidh na bhfíonta ‘dűlős bor’ (fíon nua ar mhoirt)

56,7 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Uastáirgeacht an diallais bhliantúil le haghaidh na bhfíonta ‘dűlős bor’ (fíon nua ar mhoirt)

68,04 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. Na fíonta ‘dűlős bor’ ar buanadh 2 kg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna lena n-aghaidh

8 000 kg d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. Uastáirgeacht an diallais bhliantúil le haghaidh na bhfíonta ‘dűlős bor’ ar buanadh 2,4 kg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna lena n-aghaidh

9 600 kg d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéir a aicmítear de réir chadastar an fhíonghoirt mar aicme I agus aicme II in Balatoncsicsó, Monoszló, Óbudavár, Szentantalfa, Szentjakabfa, Tagyon agus Zánka.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Chardonnay – Chardonnay Blanc

Furmint – Furmint Bianco

Juhfark – Mohácsi

Olasz Rizling – Olaszrizling

Rajnai Rizling – Riesling Blanc

Szürkebarát – Pinot Gris

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tuairisc ar an limistéar críochaithe

(a) Tosca nádúrtha

Tá gleann Nivegy, ar a dtugtar ‘Nivegy-völgy’ de ghnáth, suite sa chuid lárnach den limistéar ó thuaidh ó Loch Balaton. Tugtar limistéar ghleann Zánka-Nivegy air freisin, ar limistéar geografach dea-shainithe é. Tá cnoic ina dteorainn ar thrí thaobh de chuid an ghleanna, agus Loch Balaton ó dheas, rud a chruthaíonn miocraeráid uathúil. Áirítear sa limistéar dáileachtaí ina bhfuil aershreabha níos teo agus níos fuaire araon, rud a thugann cobhsaíocht áirithe don fhíonsaothrúchán. Tá an bhuncharraig iomlán faoin gciseal cré comhdhéanta den chuid is mó d’aolchloch ón tréimhse Thriasach. Bíonn idir 1 950 agus 2 000 uair an chloig de sholas na gréine in aghaidh na bliana ar an meán sa limistéar agus 11-12 °C a bhíonn sa mheánteocht bhliantúil. 650-700 mm a bhíonn sa mheánfhrasaíocht bhliantúil, agus titeann 350 mm de sin ar an meán le linn an tséasúir fáis. Is é is cúis leis an aeráid atá ann aer fuar a thagann anuas chuig na gleannta ó chnoic Bakony agus é a bheith timpeall ar Loch Balaton, atá suite ó dheas ón abhantrach. Tá na fíonghoirt i limistéir mhóra foraoise. Sin é an fáth, tráthnónta samhraidh, go dtagann aer fionnuar foraoise ó na sléibhte i measc na bhfíniúnacha in áit an teasa bhogthais a eascraíonn as Loch Balaton. Bíonn an limistéar cosanta ar chlocha sneachta nó ar shioc.

(b) Tosca daonna

An fhorbairt a rinneadh ar an talamh le haghaidh saothrú fíonchaor, is toradh é freisin ar iarracht dhaonna a rinneadh d'aon ghnó; ar feadh na mílaoiseanna, níor shaothraigh na fíonsaothraithe a bhfuil cónaí orthu ansin fíonchaora ach ar leicne cnoc atá cosanta ar shioc, a théann go tapa, seachas i limistéir ísle riasca ar minic sioc agus galar iontu. Thosaigh saothróirí fíona áitiúla ag fás Olasz Rizling go príomha, cineál geal a aibíonn go déanach agus atá an-oiriúnach do dhálaí éiceolaíocha an limistéir. Ceann de phríomh-shaintréithe an chineáil Olasz Rizling is ea dea-bholadh na halmóinne, atá le fáil sna fíonta sin toisc go ndéantar as an gcineál sin iad. Le linn an phróisis fíonóireachta, ní fhéadfar ach giostaí nach n-athraíonn saintréith thipiciúil an chineáil a úsáid sa choipeadh. I gcás na ndaoine áitiúla, is ionann fíonchaora agus fíon agus Olasz Rizling, agus Olasz Rizling a bhíonn i nach mór leath na bhfíonchaor a fhástar i ngleann Nivegy mar thoradh air sin. Thug saothróirí fíona áitiúla faoi deara gur tháinig siollaí cailcreacha-almóinne speisialta chun cinn sna fíonta má fhéachtar le fíon a tháirgeadh ina chainníochtaí níos lú ná an meán agus mura bpróiseáiltear ach fíonchaora sláintiúla. Dá bhrí sin, déantar dianrialú ar tháirgeachtaí agus, i gcás na bhfíonta a dtugtar tuairisc orthu mar 'dűlős bor', ní cheadaítear ach buain de láimh. Sainíodh na huastáirgeachtaí incheadaithe de réir na gceanglas maidir le táirgeadh fíona ar ardchaighdeán, agus rinneadh iad a theorannú a thuilleadh d'fhíonta a mhargaítear leis an tásc ar ainm na dáileachta. Ní fhéadfar aon saothrú giosta a d'athródh blasanna agus dea-bholaithe sonracha an fhíona Olasz Rizling a úsáid sa phróiseas coipthe. Go traidisiúnta, déantar fíonchaora ardcháilíochta a phróiseáil i siléir áitiúla, agus ní mór gach cineál fíona a aosú ar feadh 6 mhí ar a laghad.

Tuairisc ar na fíonta

Bíonn boladh discréideach gan chruas ó na fíonta 'Nivegy-völgyi', agus bíonn saibhreas cumhrachta agus blasanna ina saintréithe dá gcuid. Príomhghné choiteann dá ndea-bholaithe agus dá mblasanna is ea an mhianracht iomadúil, a bhíonn ann mar gheall ar an ithir chailcreach. Is iad a struchtúr aigéid aibí casta agus a siollaí cailceacha, a eascraíonn as an aolchloch sa bhuncharraig, is mó a bhíonn le brath ar a mblasanna. Is iondúil go mbíonn iarbhlas na halmóinne ar fhíonta ón gcineál sin, arb iarbhlas é a mhaireann i bhfad tar éis iad a bhlaiseadh.

Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh

Ós rud é gurb í an aolchloch an bhuncharraig is mó a fhaightear faoin tsraith iomlán cré agus gurb í gaireacht na sléibhte máguaird agus Loch Balaton is cúis le haeráid an ghleanna, is iad na siollaí mianracha, cailceacha agus almóinne is mó a bhíonn chun cinn i ndea-bholadh agus i mblas na bhfíonta a tháirgtear anseo – go háirithe cineál Olasz Rizling. Tagann na siollaí sin chun cinn le haosú, agus sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach an fíon a aosú ar feadh 6 mhí in umair nó i mbairillí, agus mí amháin ar a laghad ina dhiaidh sin sa bhuidéal (3 mhí i gcás na bhfíonta 'dűlős bor'). I gcás na bhfíonta 'dűlős bor' ag a bhfuil an ATFC 'Nivegy-völgy', ní mór an bhuain a dhéanamh de láimh go heisiach, rud lena n-áirithítear nach n-úsáidtear ach fíonchaora sláintiúla chun an t-úrfhíon gléghlanta a dhéanamh. Ní fhéadfar aon saothrú giosta a d'athródh blasanna agus dea-bholaithe sonracha an fhíona Olasz Rizling a úsáid sa phróiseas coipthe, agus is é sin an rud a fhágann go mbíonn na fíonta a tháirgtear anseo chomh huathúil sin. Saintréithe na bhfíonta clasaiceacha 'Nivegy-völgyi' a dtugtar tuairisc orthu mar 'hegybor' agus 'dűlős bor': siollaí mianracha cailcreacha almóinne, torthaíocht dhiscréideach agus dea-bholadh mianrach cailcreach breochlochach. Nuair a bhíonn na fíonta úr, bíonn siollaí den úll glas nó den phiorra, agus den chainche agus den chitreas ó am go chéile, ar an dea-bholadh torthaíoch. Bíonn a struchtúr aigéid comhchuí, in éineacht le tathag iomlán. Tá an ATFC 'Nivegy-völgy' suite sa TGFC 'Balaton', go príomha i limistéar an ATFC 'Balatonfüred-Csopak' agus, ar bhonn níos lú, i limistéar an ATFC 'Balaton-felvidék', arb iad na tosca nádúrtha agus daonna is cúis leis an difríocht eatarthu. Tá cnoic ina dteorainn ar thrí thaobh de chuid ghleann Nivegy agus tá Loch Balaton ar an gceathrú taobh. Ós rud é go bhfuil an gleann iata ón tuaisceart, bíonn an mhiocraeráid agus dáileadh na báistí éagsúil le limistéir eile. Tá buncharraig an limistéir gheografaigh comhdhéanta den chuid is mó d'aolchloch ón tréimhse Thriasach, seachas an basalt atá i réim sna limistéir eile. Dá bhrí sin, bíonn siollaí mianracha níos suntasaí ag na fíonta Olasz Rizling sin agus blas almóinne orthu. I gcás na bhfíonta 'dűlős bor', ní fhéadfar ach giosta nach n-athraíonn dea-bholadh nádúrtha agus saintréithe blais na bhfíonta Olasz Rizling (i.e. siollaí den almóinn) a úsáid. Ní mór fíonta a aosú ar feadh 6 mhí ar a laghad, rud a imríonn tionchar ar shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta. Tugann an t-aosú an aigéadacht chomhchuí amach, agus is é atá ar intinn leis an díol sa bhuidéal cuidiú le tosca nádúrtha agus daonna an limistéir táirgthe a chaomhnú a mhéid is féidir. Basalt bolcánach atá sa charraig a fhaightear den chuid is mó in ithir an ATFC comharsanachta 'Káli' (cuid den ATFC 'Balaton-felvidék'), agus is í an aolchloch ón tréimhse Thriasach an bhuncharraig is mó a fhaightear i ngleann Nivegy. Tá an ATFC 'Nivegy-völgy' bunaithe ar an gcineál Olasz Rizling.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

1. Rialacha maidir le tásca

Téarmaí srianta eile a fhéadfar a léiriú: 'szűretlen' [neamhscagtha], 'szemelt' [roghnaithe], 'termőhelyen palackozva' [arna bhuidéalú ar láthair an táirgthe].

Ní fhéadfaidh an téarma 'monopol dűlő' ['fíonghort monaplachta'] a bheith le feiceáil ar lipéid na bhfíonta 'dűlős bor' ach amháin sa chás nach bhfásann ach ball amháin de phobal fíona na fíonchaora i ndáileacht chríochaithe.

Féadfaidh an t-ainmniúchán 'Balaton borrégió' [réigiún fíona Balaton] a bheith ar an lipéad.

2. Rialacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a chríochú agus a léiriú:

(a) i gcás na bhfíonta 'dűlős bor', agus i gcás na bhfíonta sin amháin;

(b) céannacht tionscnaimh: 100 %;

(c) ainmneacha dáileachta a fhéadfar a léiriú:

(i) Balatoncsicsó: Bád, Berkenyés (Keleti-kertek, Pap-tag), Buda-völgy (Pirkanc), Fenyves (Kék kuta, Selyem-domb, Nyugati-kertek), Határ (Szilvás), Szent Balázs-hegy (Agyaglik, Péter kuta) agus Szent György-hegy;

(ii) Monoszló: Agyagos, Boncsos, Csádé, Hegyestű, Kajor (Csille), Pangyér, Ujma agus Új-hegy;

(iii) Óbudavár: Irtás (Közép-dűlő, Pereszteges, Öreg-földek) agus Kis-telek (Vaskapu);

(iv) Szentantalfa: Csele kuta (Lipót, Temető alja), Szent Balázs-hegy (Mocsár, Sós, Tarló-szőlő, Tő), Tag (Haraszt alja) agus Tagyon-hegy (Báróca);

(v) Szentjakabfa: Dobogó (Kereszt-föld), Fenyves (Szilvás, Nyugati-kertek), Hosszú-föld (Déli-kertek) agus Pap-erdő (Szé-kút, Fekete-föld);

(vi) Tagyon: Tag agus Tagyon-hegy (Ágoston, Báróca, Galozsa, Gunyhós, Egyed, Kenderföld, Külső-haraszt, Leányka, Tóhely);

(vii) Zánka: Bálint-hegy, Belátó-hegy, Hamuházi, Horog, Tagyon-hegy (Hegyestű, Hosszú-földek), Várhegy agus Vörös-föld (Kerítés, Temetői-dűlő);

Táirgeadh sna bardais chomharsanacha lasmuigh den limistéar táirgeachta críochaithe

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun an fíon Nivegy-völgyi a tháirgeadh, ní fhéadfar próiseáil na bhfíonchaor, coipeadh an úrfhíona ná aosú an fhíona a dhéanamh ach amháin i mbardais atá suite laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe nó sna bardais táirgthe fíona seo a leanas sa réigiún fíona Balatonfüred-Csopak san aonad riaracháin comharsanach:

Alsóörs, Aszófő, Balatonakali, Balatonalmádi, Balatonfőkajár, Balatonfüred, Balatonkenese, Balatonszőlős, Balatonudvari, Balatonvilágos, Csopak, Dörgicse, Felsőörs, Lovas, Mencshely, Örvényes, Paloznak, Pécsely, Tihany, Vászoly, Balatoncsicsó, Monoszló, Óbudavár, Szentantalfa, Szentjakabfa, Tagyon agus Zánka

Téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma ‘ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint’: ‘védett eredetű bor’ [fíon de thionscnamh faoi chosaint]

Chun tuairisc a thabhairt ar shaintréithe an táirge: ‘válogatott szüretelésű bor’ [fíon buainte roghnaithe].

Rialacha maidir le cur i láthair

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Coinníoll maidir le pacáistiú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar na fíonta a dhíol ach amháin i mbuidéil ghloine dhaite de chineál burgúnach (agus iad neamh-thrédhearcach).

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/b/3c/73000/NIVEGYV%C3%96LGY%20term%C3%A9kle%C3%ADr%C3%A1s-COM3+v3_korr%20n%C3%A9lk%C3%BCl.pdf.